Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0651 (NLE)**

**12017/25**
**ADD 1**

**LIMITE**

**JAI 1141**
**ASILE 71**
**MIGR 278**
**COEST 616**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin<br>-Ráiteas ón Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Ungáir.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Ungáir**

i ndáil leis an

**Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin**

Seasann an Ungáir ar thaobh na síochána agus na cabhrach daonnúla, agus aontaímid go bhfuil gá le comhordú comhbheartaithe chun cabhrú le tairbhithe de chosaint shealadach ón Úcráin filleadh abhaile a luaithe is féidir tar éis dheireadh an chogaidh. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin, cuirtear tús maith leis sin, ach iarrtar freisin go dtabharfaí isteach bearta nua nach bhfuil forbartha go leordhóthanach. Tá roinnt rioscaí slándála i gceist le coincheap an Mhoil Aontachta mar atá sé faoi láthair, ar rioscaí iad ní hamháin atá contúirteach do na Ballstáit atá i mbun a bhunaíochta ar a gcríoch, ach a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt freisin do shlándáil an Aontais ina iomláine dá bhfaigheadh údaráis tríú tír rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le daoine a dtugtar cosaint dóibh laistigh de chríoch an Aontais.

Dá bhrí sin, staonfaidh an Ungáir ón moladh a ghlacadh. Tá seasamh na hUngáire soiléir: tá síocháin bhuan de dhíth orainn go pras agus filleadh ordúil do thairbhithe ón Úcráin faoi chosaint shealadach faoi choinníollacha a chuireann a leasanna siúd san áireamh.

PUBLIC